## An tSeachtain Urnaí ar son Aontacht Chríostaí 2027

# *'Ná bíodh eagla oraibh'*




**Do not be afraid**
**Peidiwch ag ofni**
**Na biodh eagal ort**

**18-25 MÍ EANÁIR 2027**

churches together IN BRITAIN AND IRELAND©

www.ctbi.org.uk/weekofprayer



Ullmhaíodh acmhainní na Seachtaine Urnaí ar son na hAontachta Críostaí i mbliana i gcomhthéacs éagobhsaíocht leanúnach sa chaidreamh idirnáisiúnta, sa pholaitíocht náisiúnta agus sa chaidreamh pobail áitiúil. Bhí an mothú éiginnteachta chomh domhain agus chomh forleathan sin nárbh fhiú iarracht a dhéanamh a thuar conas a d’athródh an scéal faoin am a dtosódh Críostaithe ar fud an domhain a phlé leis an ábhar roinnt míonna níos moille.

I lár na héagobhsaíochta, na héiginnteachta agus na heagla seo i leith na todhchaí, rinne ionadaithe eaglaisí na hÉireann iarracht muid a thabhairt siar chuig fírinní níos doimhne ár gcreidimh agus Briathra Chríost ‘Ná bíodh eagla oraibh, a thréad bheag’ ó Lúcás 12:22-34 mar théama. Meabhraítear dúinn in am na heagla agus na trialach, ní hamháin go bhfanann grá Dé dúinn agus an cúram a dhéanann Sé dínn seasmhach agus gan athrú, ach bíonn fírinne an ghrá sin le mothú ar bhonn níos fíre agus níos láithrí agus muid ag aimsiú tearmainn inár gcreideamh.

Scríobhann na heaglaisí Éireannacha óna dtaithí saoil agus iad ag comóradh daoine trí phian na coimhlinte, an chaillteanais agus an eadóchais. Thug an t-aistear a bhí á dhéanamh le chéile ag pobail Chríostaí in Éirinn, thug sé chuig áit aithreachais iad – aithrí sna hamanna sin inar géaraíodh ar an gcoimhlint agus inar cuireadh leis an ngortú a rinne sí de dheasca easpa dlúthpháirtíochta agus aontachta i measc Críostaithe. Tugann siad fianaise freisin ar an dóchas a thagann ar an saol de bharr fianaise chomhchoiteann Chríostaí ar thabhartas an athmhuintearais, agus é a ofráil i spiorad umhal an idirphlé leis an tsochaí trí chéile.

Tá gnéithe uathúla ag baint le taithí na hÉireann a théann i bhfeidhm ar an gcaoi a mbíonn na heaglaisí ag plé le chéile sa chomhthéacs Éireannach, ach san acmhainn seo rinne na rannpháirtithe éagsúla iarracht béim a leagan ar fheidhmeanna níos leithne na foghlama atá le fáil ón taithí sin. Tá Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta 1998 mar lóchrann dóchais do shochaithe atá i gcoimhlint ar fud an domhain, agus an ceart choíche. Ag an tráth seo agus coimhlintí bunaithe ar fhéiniúlacht ag éirí nios forleithne agus níos géire, go háitiúil agus go domhanda, cad é is féidir a fhoghlaim ón rannpháirtíocht leanúnach leis an tsíocháin neamhfhoirfe, neamhchríochnaithe in Éirinn? Go háirithe, cén fhoghlaim a bheadh le déanamh ag an Eaglais maidir leis an gcothromaíocht atá le baint amach idir an gá atá le tacú le pobail a bhíonn ag streachailt agus an gá le dúshlán a thabhairt i leith dearcthaí atá éagórach agus iompraíochtaí atá contúirteach agus díobhálach?

Tháinig taithí an dí-eaglaisithe níos déanaí in Éirinn ná mar a tharla in go leor comhthéacsanna eile in Iarthar na hEorpa agus bhí sé pianmhar go háirithe i gcomhthéacs nochtadh uafásach na mí-úsáide sa dá dhlínse ar an oileán. Tá go leor i gceist a mbeidh tuiscint ag daoine eile air sa mhéid is go bhfeiceann eaglaisí go bhfuil siad ag éirí níos imeallaithe i saol na bpobal agus glaoitear orthu dá réir na deiseanna nua a iniúchadh a thagann le fianaise a thabhairt agus athnuachan a dhéanamh amuigh ar an imeall.

Cuireann an tSeachtain Urnaí ar son na hAontachta Críostaí i gcuimhne go mór dúinn nach inár n-aonar atá muid, cibé cad é na streachailtí a bhíonn againn; agus is spreagadh í chun machnamh a dhéanamh ar an neart is féidir linn a bhaint as ár gcomhpháirtíocht agus muid ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin chomhroinnte.

**An Dr. Nicola Brady, Príomh-Rúnaí Ginearálta,**
**Eaglaisí le Chéile sa Bhreatain agus in Éirinn**





Is ionadaithe ó na heaglaisí in Éirinn a d'ullmhaigh na paidreacha agus na míreanna machnaimh do Sheachtain Urnaí na bliana seo ar son na hAontachta Críostaí. Cé go bhfuil oileán na hÉireann roinnte idir dhá dhlínse pholaitiúla[1], na heaglaisí, a ndéanann Comhairle Eaglaisí na hÉireann agus Comhdháil Easpag Chaitliceach na hÉireann ionadaíocht orthu, eagraítear iad ar bhonn uile-oileáin. Tagann ceannairí na n-eaglaisí le chéile go rialta agus, mar Ghrúpa Ceannairí Eaglasta, téann siad i dteagmháil le rialtais, comhlachtaí poiblí agus pobail chun guth an tSoiscéil a thabhairt isteach sa dioscúrsa poiblí comhroinnte.

Is é Íosa ár nDea-Aoire, an Té ar féidir muinín a bheith againn As chun sinn a threorú ar chosán maith na beatha i dtreo uiscí slánaitheacha na flúirse. Mar Aoire Maith, léiríonn Íosa ceannaireacht íobartach a lorgaíonn an chaora amháin a chaill a slí. I Lúcás 12:22-34, iarrann Íosa ar a lucht leanúna gan a bheith faoi eagla ach dul i gceann na beatha seo lán muinín radacach, dóchas airdeallach, agus seirbhís fhreagrach. Ní ar dheisceabail aonair atá na teagasca seo dírithe ach ar phobal bailithe: "tréad beag" a n-iarrtar orthu a bheith ag maireachtáil, ag guí agus ag obair le chéile. I Seachtain Urnaí na bliana seo ar son na hAontachta Críostaí iarrtar orainn iniúchadh a dhéanamh ar cad é a chiallaíonn sé a bheith inár lucht leanúna ag an Aoire Maith: agus trínár n-eagla a ligean uainn, a aithint inár gcroí a oiread a spreagann sé sin muid chun athmhuintearais agus le bheith inár bhfinnéithe ag a chéile.

**Comhthéacs Áitiúil in Éirinn: Imeallacht mar Dheis**

Tráth dá raibh ba í an Chríostaíocht príomhthréith na féiniúlachta Éireannaí, is mó agus is mó a aithnítear anois í mar láithreacht beagán níos lú, níos imeallaí i sochaí atá á dí-eaglaisiú as éadan. Ní hamháin nach comhartha meatha nó neamhábharthachta é an t-athrú seo, ach is amhlaidh a thugann sé deiseanna úra dúinn don athmhachnamh, athnuachan agus athmhuintearas. Tá na heaglaisí fós tiomanta dá ról mar fhinnéithe beo ar fud oileán na hÉireann. Ar aon mheon le dearbhú Chríost don "tréad beag" (Lúcás 12:32), glaoitear ar phobal Críostaí na hÉireann glacadh lena áit sa réimse poiblí le dóchas lán creidimh agus le fianaise chomhaontaithe. Trí aitheantas a thabhairt dár laige, dár srianta agus dár leochaileacht, bíonn muid ag brath níos mó ar Dhia agus is



amhlaidh a bhlaisimid den Ghrásta claochlaitheach.

Agus aontacht Chríostaí á cur i ngníomh, leigheastar freisin an tsochaí i gcoitinne. De réir mar a oibríonn eaglaisí le chéile chun freastal orthu sin a bhíonn imeallaithe, tugann siad fianaise ar luachanna na Ríochta a d'fhógair Íosa. Is féidir dóchas Naomh Lúcás 12:32 a mhothú anseo: seasann an 'tréad beag', cé nach bhfuil ceannasaíocht chultúrtha aige a thuilleadh, mar chomhartha den Ríocht - ceann a thógtar ní ar chumhacht ach ar ghrá, trócaire agus seirbhís. Saibhrítear Eaglais Éireannach an lae inniu trí láithreacht agus rannpháirtíocht daoine ó Oirthear na hEorpa, an Afraic, an Áise agus níos faide i gcéin, a ndaingníonn a léiriú éagsúil ar an saol agus ar an adhradh ár bhfianaise chomhchoiteann.

## Ag Bogadh Chun Tosaigh le Chéile

Is é glaoch Dé ar an tréad beag, glaoch chun aontachta san éagsúlacht - saol comhroinnte a chaitheamh i gCríost ina bhfaightear réitithe den eagla, ina dtugtar aire dá chéile, agus ina mbíonn maoirsiú ar ár gcuid tíolacthaí mar chomhchuspóir. I dtírdhreach síorathraitheach in Éirinn agus ar fud an domhain, is gile a lonraíonn an aontacht sin nuair a ghlacann muid chugainn féin í ní mar ghlaoch chun ionannais, ach mar thuras domhain-éisteachta, umhal-fhianaise, agus comhchúraim. Cé go bhfuil difríochtaí fós ann i dtaca le diagacht, cuimhne agus traidisiún, siúlann muid chun tosaigh le chéile, in athmhuintearas agus chun athmhuintearais, ag déanamh aithrí inár laigí san am atá thart agus ag athnuachan ár bhfócais ar Chríost, a ghuigh "go mba aon iad go léir" (Eoin 17:21). Agus muid ag tosú ar an tSeachtain Urnaí seo ar son na hAontachta Críostaí, go stiúra muid an saol mór i dtreo Ríocht na trócaire, na comhsheirbhíse, agus an ghrá bhuain dhaingin.

(Tá forléargas níos mionsonraithe ar an téacs bíobalta ar fáil ar shuíomh gréasáin CTBI: https://ctbi.org.uk/wpcu2027/).

[1] Sa bhliain 1921 deighleadh oileán na hÉireann agus bunaíodh Tuaisceart Éireann, ar cuid den Ríocht Aontaithe é, agus inniu tá sé á rialú ag Tionól cineachta Chnoc an Anfa i mBéal Feirste, agus an chuid eile den oileán faoi dhlínse Rialtas na hÉireann i mBaile Átha Cliath.

# *Lá 1*

## *Is é an TIARNA m'Aoire, ní bheidh aon ní de dhíth orm*

'Sin é an fáth a n-abraim libh: ná bígí imníoch faoi bhur mbeatha'
(Lúcás 12: 22)

### Salm an lae: Salm 23

Is é an TIARNA m'aoire: ní bheidh aon ní de dhíth orm.
Cuireann sé féin i mo luí mé i móinéar féir ghlais.
Seolann sé ar imeall an uisce mé mar a bhfaighim suaimhneas.
Seolann sé ar shlí na fíréantachta mé mar gheall ar a ainm.
Fiú dá siúlfainn i ngleann an dorchadais, níor bhaol liom an t-olc
agus tú faram le do shlat is do bhachall chun sólás a thabhairt dom.
Cóiríonn tú bord chun béile dom i láthair mo naimhde.
Ungann tú mo cheann le hola; tá mo chupa ag cur thairis.
Leanfaidh cineáltas is buanghrá mé gach lá de mo shaol;
i dteach an TIARNA a mhairfidh mé go brách na breithe.

### Sleachta Breise Scrioptúir

Lúcás 12:22-34; Íseáia 40:9-11;
Eoin 10:7-15

### Léargas

Is le muinín chiúin a deir an salmaire go soláthraíonn Dia gach rud a theastaíonn uainn, fiú sna gleannta is dorcha inár saol, áit a mbíonn Dia ina chompánach dílis againn. Tarraingíonn Salm 23 ar dhomhain-mhothúcháin dhaonna: eagla, leithlisiú, agus leochaileacht. Eispéiris a bhraitear in go leor tithe agus daoine ag tabhairt aghaidh ar thodhchaí éiginnte. Ach, mar Chríostaithe agus mar Eaglais, glaoitear orainn a bheith mar phobal dóchais, agus muinín a bheith againn as grá claochlaitheach Chríost do gach duine. Fréamhaithe sa chreideamh agus cinnte de chúram Dé, breathnaímid ar an íomhá aitheanta den aoire truachroíoch a threoraíonn agus a chosnaíonn a thréad. Spreagann Íosa, an tAoire Maith a thugann a anam ar son a chuid caorach, spreagann sé misneach agus síocháin ionainn araon. Agus Aoire dá leithéid againn, géilleann an eagla don dóchas, agus tugtar cuireadh dúinn amharc amach uainn féin, aontaithe ó thaobh cuspóra agus grá de. Óir is é Críost a bhailíonn sinn le chéile agus a mheabhraíonn dúinn: "Ná bíodh eagla oraibh, a thréad bheag, óir is daoibhse a ba ghnaoi le bhur nAthair an ríocht a thabhairt." (Lúcás 12:32).

### Machnamh

'Ná bíodh eagla oraibh, a thréad bheag.'

'Ná bíodh eagla oraibh, a thréad bheag.'
Cé gur leathan iad na scáileanna,
glaonn guth séimh orthu sin atá traochta.
Thar thíortha ar crith, eagla mhíshocair, tailte aistreacha.
Cluintear paidir ar son na haontachta fós.

Fiú dá siúlaimis i ngleann athraithe agus imní,
bíonn Aoire ár gcoinneáil agus is Ann atá ár síoth.
Ar ár dturas an dóchais agus tír nach eol dúinn á tástáil,
Daingean Ina Ghrá, tá ár n-aithne slán Ina Ghrásta.

## Urnaí

Éirím inniu,
Neart Dé do mo stiúradh
Cumhacht Dé do mo chumhdach
Ciall Dé do mo threrú
Súil Dé ag faire orm
Cluas Dé ag éisteacht liom
Briathar Dé ag labhairt liom
Lámh Dé do mo chosaint
Slí Dé do mo tharraingt
Sciath Dé mar dhídean agam,
Agus Slua Dé do mo chaomhnú.

*(Ó Lúireach Naomh Pádraig)*

## Ceisteanna

**Pearsanta:** Conas a bhraith tú Dia a bheith in éineacht leat trí ghleann an dorchadais?

**Áitiúil:** Conas a d'fhéadfá dul i gcomhar le daoine eile chun saol níos dóchasaí a chruthú in bhur gceantar?

**Domhanda:** Cad is féidir linne a thairiscint, ionas go mbeidh muid i bpáirt le Dia Ina chuid oibre chun dóchas a chur ar ais sa saol mór ina mbíonn scanradh ar dhaoine?

## Téigh agus Déan

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Cé de do lucht aitheantais a mhaireann faoi eagla? Smaoinigh ar an gcaoi ar féidir leat siúl lena dtaobh.

**Áitiúil:** Faigh amach cad atá Críostaithe a dhéanamh le chéile i do cheantar chun dóchas Chríost a roinnt agus gabh i bpáirt leo.

**Domhanda:** Bí páirteach i gCiorcal Urnaí Chomhairle Dhomhanda na nEaglaisí agus gabh ort féin guí go rialta ar son do chomharsana agus tuiscint níos fearr a fháil orthu. https://www.oikoumene.org/resources/prayer-cycle

# As na duibheagáin a ghlaoim ort, a THIARNA

'Agus nach mó is fiú sibhse ná an éanlaith...' (Lúcás 12:24b)

## Salm an lae: (Salm 130:1-6)

As na duibheagáin a ghlaoim ort,
a THIARNA;
éist, a THIARNA, le mo ghuí.
Go n-éiste do chluasa go haireach
le mo ghlór ag impí ort!
Má fhéachann tú ár gcionta,
a THIARNA,
a THIARNA, cé rachaidh slán?
Ach is leat na peacaí a mhaitheamh;
ionas go riarfaí go humhal duit.
Tá muinín ag m'anam as an TIARNA;
ar a bhriathar atá mo sheasamh.
Is foighní m'anam ag feitheamh leis
an TIARNA,
ná lucht faire leis an maidin.
Bíonn lucht faire ag faire leis an maidin...

### Sleachta Breise Scrioptúir

Lúcás 12:24b; Eoin 5:1-5;
Marcas 10:46-52

## Léargas

Teannas, briseadh síos caidrimh, leithlisiú, achrann, foréigean, scrios – teilgfidh siad sin uilig aon phobal isteach i ndúlaíocht an gheimhridh. Níl aon duine 'ceart', tá freagracht ar gach duine againn. An socróidh muid ar áit éaga Íosa a lorg agus glaoch air ó dhoimhneacht ár bpéine? Caithfidh gach duine tochailt go domhain don dóchas lena roinnt ar mhórán. Thuig Bairtiméas chun go dtabharfaí rud dó go gcaithfeadh sé a theas (a chlóca) a shéanadh air féin agus glaoch amach, ' Déan trócaire orm!' Chonaic Íosa é, stad sé agus chuaigh go croí an scéil, "Cad ab áil leat mé a dhéanamh duit?' Agus sin í an cheist a chuireann Íosa orainn. Tá pian na deighilte Críostaí mór, dallann sí muid, ach má ghlaonn a lán againn amach mar dhaoine aonair agus mar phobail chreidimh, cluinfidh Dia muid.

## Machnamh

Péist bheag léi féin
ag lúbarnaíl san ithir
níl sí in ann ag an saol
in ainneoin a saothair.
Ach in ithir athluchtaithe
Agus a seoladh ar fiar
Déanfaidh sí mar laoch
talamh athnuaite a riar.

## Urnaí

Cuidigh liom taisteal níos faide ná mar
is gnách
agus isteach san anaithnid.

Neartaigh mo chreideamh leis na seanbhealaí a fhágáil
agus talamh úr a bhriseadh in éineacht Leat.
A Chríost na rúndiamhra, tá muinín agam
gur láidre Tú ná gach stoirm istigh ionam.
Beidh muinín agam fiú sa dorchadas agus beidh a fhios agam
go bhfuil mo shaol, fiú anois, i Do Láimh.
Cuir mo spiorad i dtiúin le ceol na bhFlaitheas,
agus ar bhealach éigin, go gcuire Tú m'umhlaíocht chun tairbhe. Áiméan.

*(Le hinspioráid ó scéal Naomh Breandán, an Loingseoir (c. 484-577)*

## Ceisteanna

**Pearsanta:** Nuair nach dtéann rudaí go maith, an lorgaímid sólás agus creideamh ón Tiarna a bhfuil an uile ní Ina Lámha, nó an bhfanann muid sáite sa bhrón?

**Áitiúil:** An féidir leat aon phian phearsanta a aithint ionat féin agus i ndaoine eile thart ort, ón taithí atá agat ar an easaontas?

**Domhanda:** Agus tú ag breathnú ar an domhan seo againn, cad is féidir leat a aithint agus a ainmniú arb é costas an easaontais é?

## Téigh agus Déan

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Faoi mar a fhágann Bairtiméas a chlóca taobh thiar de chun Íosa a leanúint, breithnigh cé na héadaí is féidir leatsa a thabhairt uait chuig banc éadaí áitiúil.

**Áitiúil:** Tar éis easaontas thart orainn a ainmniú, sainaithin droichead a chaithfear a thógáil. Tóg na chéad chéimeanna chun sin a dhéanamh.

**Domhanda:** Déan ceangal le carthanas a bhíonn ag obair le daoine a bhfuil lagú radhairc orthu. (Mar shampla: https://www.sightsavers.org/about-us/)

# Cad as do mo chúnamh?

'… mar nach dtagann an bithiúnach ina ghar...' Lúcás 12:33

## Salm an lae: Salm 121:1-2

Tógaim mo shúile chun na sléibhte.
Cad as do mo chúnamh?
Is ón TIARNA féin atá mo chúnamh,
a rinne neamh agus talamh.

### Sleachta Breise Scrioptúir

Lúcás 12:33; Iósua 1: 7-9;
Eifisigh 6: 10-17

## Léargas

Agus muid ag díriú ár súl ar an todhchaí le himní faoi mhéadú ar dheighilt, foréigean agus scoilteadh sa tsochaí agus inár n-eaglaisí – iarrann Salm 121 orainn a thabhairt faoi deara cá bhfuil an bhagairt, na contúirtí a aithint agus cabhair a lorg ón TIARNA ('a rinne neamh agus talamh'). Agus aird againn ar an bhfás atá tagtha ar ghluaiseachtaí i bhfad amach ar an eite dheis ar fud an domhain, agus ar théaltú an Náisiúnachais Chríostaí, ar ábhar imní é, tá sé tábhachtach na bagairtí seo a ainmniú, agus cur i gcoinne na n-insintí bréagacha, agus tá sé ríthábhachtach go bhféachfaimid ar Dhia chun treoir agus neart a fháil. Spreagtar muid gan freagairt le teann eagla, ach le barr síochána agus iomláine. Tá sé de chumhacht againn maireachtáil agus gníomhú i ndóchas comhroinnte Dé, agus meabhraítear dúinn cuimhneamh ar fhírinne Dé – go dtugtar misneach, neart agus cumhacht, ní le cur faoi chois agus le sárú, ach le freastal agus le tabhairt chun athmhuintearais.

## Urnaí

Bí i do lasair gheal os mo chomhair,
a Dhia,
i do réalta eolais os mo chionn.
Bí i do chosán mín faoi mo chosa,
i d'Aoire cineálta taobh thiar díom,
inniu, anocht agus go síoraí suthain.
Áiméan.

*(Ó Naomh Colmcille (521-597))*

## Machnamh

Breathnaímid ar na scáileáin againn,
Cad as a dtagann an scéin seo?
Arna spreagadh ag  camearraí,
A gheallann cumhacht agus
rathúlacht.
Áitíonn an sceith sin na bpéisteanna
orainn gan a ghráú ach iad sin atá ar
ár nós féin,
Ár gcealgadh chun prionsachtaí a
chruthú nach ngéilleann ach don
tsaint
Ach cad a fheiceann tú nuair a
fhéachann tú níos faide ná
an scáileán,
nuair a fheiceann tú loinnir an tsolais
ag lonrú isteach ón Ríocht eile,
nuair a scamhann tú siar an bhréag a'
ligean don 'neach nach ann dó fós'
an fhírinne a phéinteáil ar chanbhás
gan smál?

## Ceisteanna

**Pearsanta:** Cad iad na rudaí éagsúla a chabhraíonn leat a bheith dóchasach nuair a bhíonn eagla nó imní ort agus bagairt os do chomhair?

**Áitiúil:** Cad iad na scrioptúir, na hamhráin agus na scéalta a spreag do phobal trí thréimhsí dúshlánacha san am atá thart? Smaoinigh cad é a bheadh fiúntach anois agus roinn é.

**Domhanda:** D'fhéadfaí an turas i dtreo na haontachta a fheiceáil mar streachailt in aghaidh an easa– cad iad na constaicí os ár gcomhair? Cad iad na samplaí ó áiteanna eile is féidir leat a roinnt a thugann dóchas agus a spreagann tú féin agus do phobal le bheith níos dáiríre in bhur rannpháirtíocht?

## Téigh agus Déan

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Smaoinigh ar an rud a chuireann eagla ort agus aimsigh bealaí chun tuiscint níos doimhne a fháil ar an méid atá ag tarlú i ndáiríre, agus dóchas Dé a ligean isteach.

**Áitiúil:** Déan iniúchadh ar bhealaí chun scéalta áitiúla a roinnt faoin aontacht, faoin tsíochánaíocht agus faoi Ríocht Dé a thógáil san áit a bhfuil tú, nach féidir a loit nó a mhaolú le scéal scéil ná le bolscaireacht.

**Domhanda:** Téigh i ngleic le roinnt foinsí éagsúla chun scéalta ó gach cearn den domhan a chluinstin faoi Ríocht Dé á fíorú, agus fiosraigh conas is féidir le do phobal creidimh páirt a ghlacadh ann.

# DÁTAÍ

Is iad na dátaí a bhaineann leis an tSeachtain Urnaí ar son Aontacht Chríostaí de ghnáth ná an 18 Eanáir go dtí an 25 Eanáir (ochtach Naomh Peadar agus Naomh Pól). Roghnaíonn grúpaí eile amanna eile sa bhliain áfach, timpeall na Cincíse go mór, ar dátaí tábhachtacha iad d'aontacht na heaglaise. Déanaigí bhur gcinneadh féin maidir leis seo, ag brath ar cad a oireann go háitiúil. Chuige sin a bhaintear leas as córas an 1-8 seachas dataí ar leith a roghnú. Faoi mar atá, beidh sé ar chumas gach grúpa an t-ábhar a úsáid pé lá is mian leo féin é.

# ORDÚ SEIRBHÍSE

Is féidir an t-ordú seirbhíse a fhaightear i lár an phaimfléid a tharraingt amach agus a chóipeáil más gá. Is féidir ina theannta sin gach acmhainn a íoslódáil ó shuíomh idirlín an CTBI, agus míle fáilte romhaibh bhur gcuid féin a dhéanamh díobh d'fhonn úsáid áitiúil a bhaint astu. Tugaigí aitheantas le bhur dtoil d'Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire, an tSeachtain Urnaí ar son Aontacht Chríostaí, a sholáthair an t-ábhar.

# BALLA NA hAONTACHTA CRÍOSTAÍ

Cuir sonraí agus grianghraif de bhur n-imeachtaí, paidreacha agus teachtaireachtaí aontachta leis an 'mballa' aontachta Críostaí ag weekofprayer.org trí phostáil ar Facebook, Instagram nó X tríd an haischlib #wpcuwall.

# CREIDMHEASANNA GRIANGHRAF

Fuarthas na grianghraif go léir do Sheachtain Urnaí na bliana seo ar son na hAontachta Críostaí ó fhoinsí saor in aisce. Má dhéantar iad a atáirgeadh, cuir creidmheas san áireamh mar atá thíos:

Grianghraf clúdaigh, (lch 1 agus lch 13): Ted Erski ó Pixabay.
An Chros Cheilteach (lch 2): Bernhard Stärck ó Pixabay.
Grian os cionn an uisce (lch 3): Chris Aram ó Pixabay.
Caoirigh (lch 4 agus 5): Hans ó Pixabay.
Uigeacht (lch 1,6-11, 13, 26-35): Christophe ó Pixabay.
Grian agus caoirigh (lch 14-24): Alfred Derks ó Pixabay.
Sliabh (lch 25): yeshaya dinerstein ó Pixabay.
An Chros Cheilteach (lch 36): krystianwin ó Pixabay.

## An tSeachtain Urnaí ar son Aontacht Chríostaí 2027

# *'Ná bíodh eagla oraibh'*




© Eaglaisí le Cheile sa Bhreatain agus in Éirinn

# Ord adhartha

# Intreoir

I mbliana, is foireann a dhéanann ionadaíocht ar thraidisiúin Chríostaí éagsúla in Éirinn a d'ullmhaigh an ceiliúradh éacúiméineach, agus tá sé á éascú ag Comhairle Eaglaisí na hÉireann agus ag Comhdháil Easpaig Chaitliceacha na hÉireann.

# Téama

Is í an íomhá den 'tréad beag' a bhí taobh thiar de roghnú na dtéacsanna bíobla agus liotúirgeacha (Lúcás 12:32). Tá Críostaithe ag maireachtáil in go leor áiteanna ar domhan faoi chúinsí ina bhfuil siad ina dtréad beag, i ndáiríre, agus uaireanta ina dtréad a ndéantar géarleanúint orthu. Faighimid an abairt 'tréad Dé' a úsáidtear sa Sean-Tiomna agus sa Tiomna Nua chun cur síos a dhéanamh ar phobal Dé, atá cosúil le caoirigh faoi chúram aoire. Is íomhá í atá fréamhaithe go domhain i gcultúr tréadach na dtíortha bíobalta, áit a raibh aoireacht ar cheann de na príomhshlite beatha. Le híomhánna chúram grámhar an aoire, tugtar le fios don tréad nach bhfuil aon chúis acu eagla a bheith orthu, ach a bheith muiníneach go gcosnóidh sé iad agus go riarfaidh sé orthu.

In am seo an ghátair agus na héiginnteachta, gabhaimid buíochas le Dia as tearmann ár gcreidimh agus as an neart a bhainimid as ár gcumann lena chéile. Tugann sé ár sáith dúinn seasamh in aghaidh an chathaithe cúlú siar ón domhan ar thóir na sábháilteachta. Guímid go mbeidh sé de mhisneach againn comhfhianaise mhisniúil a thabhairt do dhomhan atá deighilte, ar ghrá Dé do gach duine, go háirithe dóibh siúd a bhíonn ag fulaingt de bharr na héagóra, an fhoréigin agus na géarleanúna, gar don bhaile agus ar fud an domhain araon.

Bunaithe ar íomhá éirí na gréine, bíonn ciorcal i lár chrosa Ceilteacha na hÉireann, a léiríonn Críost Aiséirithe, Solas an tSaoil. Le linn an adhartha, féadfar imlínte clóite de chros Cheilteach a chur ar fáil don phobal. Is féidir paidreacha agus ábhair imní a scríobh ar na teimpléid agus iad a thabhairt chun tosaigh go dtí áit lárnach.

Is féidir na téacsanna a thugtar don treoraí (T) a roinnt idir na guthanna éagsúla ó na traidisiúin éagsúla a bhíonn i láthair. Mar an gcéanna, is féidir téacsanna a shanntar do léitheoir (L) a dháileadh ar roinnt daoine. Is féidir le hionadaithe ó na pobail éagsúla a bhíonn i láthair an phaidir agus an bheannacht deiridh a fhógairt i gcomhpháirt.



# *Iomann*

# *Intreoir*

| | |
|---|---|
| Treoraí | Go raibh síocháin libh. |
| **Pobal** | **Agus le do Spiorad féin.** |
| Treoraí | Tá Críost inár measc. |
| **Pobal** | **Tá agus beidh i gcónaí.** |
| Treoraí | Táimid bailithe le chéile in ainm Chríost chun guí ar son aontacht na gCríostaithe go léir. Tá an tSeachtain Urnaí ar son na hAontachta Críostaí i mbliana faoi threoir Bhriathra Íosa: 'Ná bíodh eagla oraibh, a thréad bheag,' as sliocht i Soiscéal Naomh Lúcás.<br><br>Is Críostaithe ó eaglaisí éagsúla ar fud oileán na hÉireann a d'ullmhaigh seirbhís éacúiméineach na bliana seo. Ina gcuideachta sin, gabhaimid buíochas, in ainneoin na mblianta de choimhthíos, gur léir dóibh gur comhthaisce ina measc í an oidhreacht Chríostaí a thug Naomh Pádraig, i dtús báire, agus naoimh luatha eile, go hÉirinn. |

# *An chéad phaidir*

| | |
|---|---|
| Léitheoir | Is beannaithe Thú, a Thiarna Dia na Cruinne.<br>Is beannaithe thú, a Íosa Críost, an tSlí, an Fhírinne agus an Bheatha.<br>Is beannaithe Thú, a Spioraid Naoimh, an Tiarna agus bronntóir na beatha.<br>Is beannaithe Thú, a Thríonóid Naofa. |





Is beannaithe Thú i measc Do naomh.
Go mba bheannaithe an tionól seo agus muid ag teacht le chéile i Do Láthair Dhiaga
chun ceiliúradh a dhéanamh in ainm an Athar, an Mhic agus an Spioraid Naoimh.

**Pobal** **Áimeán.**

# *Iomann*

# *Paidir bhuíochais agus mhairgní*

Léitheoir Gabhaimid buíochas go nglaoitear orainn a bheith aontaithe, (sos gairid) ach is trua linn gur minic a thréigimid ár n-aontacht.

**Pobal** **A Chríost ár nAoire, aontaigh sinn mar aon tréad amháin.**

Léitheoir Gabhaimid buíochas gurb é an tAoire amháin atá againn, (sos gairid) ach is trua linn gur minic nach n-aithníonn muid go bhfuil comhphobail eile ina thréad fosta.

**Pobal** **A Chríost ár nAoire, aontaigh sinn mar aon tréad amháin.**

Léitheoir Gabhaimid buíochas gur baisteadh muid san aon chreideamh amháin, (sos gairid) ach is trua linn gur minic a bhíonn muid ag gníomhú ar shlí eile.

**Pobal** **A Chríost ár nAoire, aontaigh sinn mar aon tréad amháin.**

Léitheoir Gabhaimid buíochas go bhfuil an fhoinse amháin dóchais againn, (sos gairid) ach is trua linn gur minic a choinnímid ceilte í ar dhaoine eile.

**Pobal** **A Chríost ár nAoire, aontaigh sinn mar aon tréad amháin.**





Léitheoir — Gabhaimid buíochas as ucht an ghrá a aontaíonn sinn i gcúram dá chéile, (sos gairid) ach is trua linn gur minic a thugann muid cúram dúinn féin go príomha.

**Pobal** — **A Chríost ár nAoire, aontaigh sinn mar aon tréad amháin.**

# *An tSíocháin*

Treoraí — A oiread agus a baisteadh i gCríost
ghlac siad Críost orthu féin.

**Pobal** — **Alleluia!**

Treoraí — Go raibh síocháin an Tiarna libh i gcónaí.

**Pobal** — **Agus le do Spiorad.**

# *Léachtaí na scrioptúr*

## *An Chéad Léacht – Eizicéil Fáidh 34:15-22*

Léitheoir — Beathóidh mise féin mo chaoirigh agus tabharfaidh orthu a scíth a ligean–an Tiarna DIA  a labhraíonn. Cuardóidh mé an chaora chaillte, tabharfaidh mé ar ais an seachránaí, ceanglóidh mé an bacach agus cuirfidh mé an t-easlán ina neart. Tabharfaidh mé aire don mhéith agus don láidir agus gheobhaidh siad cothú ceart uaimse.

Maidir libhse, a thréad, seo mar a deir an Tiarna DIA: Tugaim breith idir caoirigh agus caoirigh, idir reithí agus pocáin. Ní leor libh innilt ar an bhféar méith ach satlaíonn sibh ar an gcuid eile le bhur gcrúba. Ní leor libh an t-uisce glan a ól ach truaillíonn sibh an chuid eile le bhur gcrúba. Caithfidh mo chaoirigh an féarach





ar ar shatail sibh le bhur gcrúba a ithe agus an t uisce a thruailligh bhur gcrúba a ól.

Dá bhrí sin, seo mar a deir an Tiarna DIA: Tabharfaidh mise breith idir caora mhéith agus caora thanaí. De bhrí go mbrúnn sibh an uile easlán i leataobh le bhur ngeadáin agus le bhur slinneáin agus go mbuaileann sibh le bhur n-adharca iad leis an ruaig a chur orthu, déanfaidh mé mo chaoirigh a fhuascailt; ní bheidh siad ina gcreach a thuilleadh. Tabharfaidh mé breith idir caora agus caora.

## *Salm 23*

*(Is féidir leagan canta a úsáid.)*

## *Sliocht as an tSoiscéal Naofa – Lúcás 12.22-34*

Léitheoir — Soiscéal Íosa Críost de réir Naomh Lúcás.

**Pobal — Glóir duit, a Thiarna ár nDia.**

Léitheoir — Dúirt Sé (Íosa) lena dheisceabail: "Sin é an fáth a n-abraim libh: ná bígí imníoch faoi bhur mbeatha i dtaobh bia, ná faoi bhur gcorp i dtaobh éadaigh. Óir is mó le rá an bheatha ná an bia agus an corp ná an t-éadach. Breathnaígí na fiacha dubha: ní dhéanann siad síolchur ná fómhar, níl teach stórais acu ná scioból; agus tugann Dia bia dóibh. Nach mó is fiú sibhse ná an éanlaith? Cé agaibh a d'fhéadfadh, trí bheith ag déanamh imní aon bhanlámh amháin a chur le fad a shaoil? Dá bhrí sin, nuair nach bhfuil neart agaibh ar an rud is lú, cad chuige daoibh a bheith imníoch faoi na rudaí eile? Breathnaígí na lilí mar a fhásann siad: ní dhéanann siad saothar ná sníomh. Ach deirim libh nach raibh ar Sholamh féin, dá mhéad a ghlóire, cóir éadaigh mar atá ar cheann díobh seo. An lus ar an mbán a bhíonn ann inniu agus atá le caitheamh sa sorn amárach, má éadaíonn





Dia mar sin é, nach móide go mór dó sibhse a éadú, a lucht an bheagán creidimh! Sibhse, mar an gcéanna, ná bígí ag lorg bhur mbia ná bhur ndí, agus ná bígí do bhur gcrá féin. Óir is iad na nithe sin uile a mbíonn págánaigh an domhain seo ar a dtóir; ach tá a fhios ag bhur nAthair go bhfuil gá agaibh leis na nithe sin. Ach déanaigí a ríocht sin a lorg, agus tabharfar daoibh na nithe úd chomh maith.

Ná bíodh eagla oraibh, a thréad bheag, óir ba ghnaoi le bhur nAthair an ríocht a thabhairt daoibh. Díolaigí a bhfuil agaibh agus déanaigí déirc; déanaigí daoibh féin sparáin nach gcaithfear le haois, stór do-ídithe sna flaithis mar nach dtagann an bithiúnach ina ghar agus nach mbíonn an leamhan á lot. Óir, san áit a mbíonn bhur stór, is ann a bheidh bhur gcroí freisin.”

## *Seanmóir / aitheasc*

*Tost nó ceol uirlise.*

## *Gníomh siombalach*

*(is féidir íomhá de chros Cheilteach na hÉireann a theilgean ar scáileán ag an bpointe seo)*

Léitheoir

Tarraingthe chuig Críost agus a chros, agus muid ag guí ar son aontachta i measc Críostaithe, cuimhnímis, mar thréad beag Aige,  nach bhfuil aon chúis againn eagla a bheith orainn. Ag tarraingt ar íomhá éirí na gréine, tá ciorcal ina lár ag crosa Ceilteacha na hÉireann, ar léiriú iad ar Chríost Aiséirithe, Solas an tSaoil.

*Agus ceol á sheinm, is é íomhá na croise Ceiltí an fócas agus muid ag guí ar son cásanna ar cúis eagla agus imní iad, go mbeadh an Críost Aiséirithe i láthair. Ansin tugann an treoraí cuireadh don phobal ábhar a bpaidreacha a scríobh ar imlíne na croise (a tugadh dóibh roimh ré).*





# *Admháil an chreidimh*

Léitheoir

Mhair Pádraig, príomh-Éarlamh na hÉireann, sa chúigiú haois. Nuair a bhí sé óg, tógadh é mar sclábhaí go hÉirinn agus cuireadh i mbun oibre é ag tabhairt aire do thréad caorach. Níos déanaí, mar dhuine fásta, fuair sé an ghairm a bheith ina mhisinéir, agus ba ghearr go raibh sé ag soiscéalú agus ag treorú thréad Dé sa tír ina raibh sé ina sclábhaí tráth dá raibh. Cloisimid uaidh ina ghuth féin:

Léitheoir 2

'Tar éis dom teacht go hÉirinn – is amhlaidh a bhínn ag aoireacht gach lá, agus mar gur mhinic mé ag guí in aghaidh an lae, bhí grá agus eagla Dé ag teacht i dtreise ionam i ndiaidh a chéile, agus bhí mo chreideamh ag dul i méid agus bhí m'anam á ghríosadh. Dá thoradh sin dhéanainn guí suas le céad uair sa lá agus an oiread céanna beagnach san oíche, go fiú sna coillte agus ar an sliabh dom. Dhúisínn chun urnaí roimh éirí na gréine in ainneoin sneachta agus seaca agus báistí agus ní airínn aon olc faram agus ní bhíodh leisce ar bith orm: mar is léir dom anois, b'é an Spiorad a bhí ag lasadh ionam an tráth sin faoi deara é.'

*(Ó Fhaoistin Naomh Pádraig)*

Treoraí

Agus ár spiorad lasta ag Grá Dé, gráimis a chéile, ionas gur féidir linn ár gcreideamh coiteann a admháil le haontacht intinne:

**Pobal**

**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh,**
**agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe**
**Agus in aon Tiarna amháin Íosa Críost,**
**Aon-Mhac Dé, an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh, agus atá d'aon substaint leis an Athair:**



**is tríd a rinneadh an uile ní.**

**Ar ár son-na, an cine daonna, agus ar son ár slánaithe,**

**thuirling sé ó neamh.**

**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é i mbroinn na Maighdine Muire**

**agus ghlac sé nádúr daonna.**

**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son;**

**d'fhulaing sé páis faoi Phointias Píoláit, agus adhlacadh é.**

**D'aiséirigh an treas lá de réir na Scrioptúr;**

**Chuaigh sé suas ar neamh agus tá sé ina shuí ar dheis an Athar.**

**Tiocfaidh sé arís faoi ghlóir chun breithiúnas a thabhairt ar bheo is ar mhairbh**

**agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**

**Creidimid sa Spiorad Naomh,**

**an Tiarna, bronntóir na beatha,**

**an té a ghluaiseann ón Athair is ón Mac.**

**Is é a labhair trí na Fáithe.**

**Creidimid in aon Eaglais naofa, chaitliceach agus Aspalda.**

**Admhaímid an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**

**Táimid ag súil le haiséirí na marbh,**

**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Áimeán.**

## *Paidreacha idirghuí*

Léitheoir

A Aoire Mhaith,
guímid ar son D'Eaglaise, bailithe i Do Ghrásta flúirseach.
Go mba phobal sinn a thugann urraim dá chéile,
a ghabhann chuige an éagsúlacht agus a cheiliúrann an difríocht.
Go mba áit í D'Eaglais ina léirímid an aontacht go nádúrtha.

I Do cheansacht,

**Pobal** **éist lenár nguí.**

Léitheoir

A Aoire Mhaith,
guímid ar son Do dhomhain a bhíonn ag brath ar Do Ghrá slánaitheach
Go mba phobal sinn a bhíonn ar a ndícheall chun leasa an uile dhuine.
Go ngníomhaí na daoine a bhfuil cumhacht agus tionchar acu le ceartas.
Go mba áit í Do dhomhan inar féidir le gach duine an bheatha a bheith acu go fial.

I Do cheansacht,

**Pobal** **éist lenár nguí.**

Léitheoir

A Aoire Mhaith,
Guímid ar son gach duine a ghéarleantar mar gheall ar a gcreideamh,
agus orthu sin a íospraítear mar gheall ar a bhféiniúlacht, a gcreideamh nó a gcúlra.
Go raibh sé d'uchtach againn dúshlán na gcóras agus na gcumhachtaí ionsaitheacha a thabhairt.
Go ndéantar ár bpobail a chlaochlú le teacht Do Ríochta.

I Do cheansacht,

**Pobal** **éist lenár nguí.**

Léitheoir

A Aoire Mhaith,
guímid ar son an phláinéid, ár mbaile leochaileach,
agus caoinimid ár bhfaillí thoiliúil ina leith.
Go mba phobal sinn a ghníomhaíonn go cóir don chruthaíocht ar fad.
Go líontar an domhan go léir le Glóir Dé.



I Do cheansacht,

**Pobal** **éist lenár nguí.**

Léitheoir

A Aoire mhaith,
guímid ar ár son féin, inár seasamh i Solas Do Ghrásta.
Go raibh muid lán le comhbhá chun riar orthu siúd a bhíonn i ngátar,
agus orthu siúd a chaitheann saol suaite agus faoi choimhlint.
Go dté D'Íocshláinte i bhfeidhm ar shaol daoine atá briste.

I Do cheansacht,

**Pobal** **éist lenár nguí.**

Léitheoir

A Aoire Mhaith,
éist leis na paidreacha atáimid a chur Chugat.
Éist freisin leis na paidreacha neamhráite a thagann ó mhianta ár spioraid.
Ar chluinstin Do ghlaoigh dúinn Do Ríocht a lorg ar dtús, is amhlaidh a ghuímid,

**Pobal** **Ár nAthair...**

# *Iomann*

# *Paidir dheiridh*

Treoraí

Lastar ár lampaí, a Shlánaitheoir ró-ionúin,
ionas go rabhaimid ag lonrú i gcónaí i Do láthair
agus go bhfaighe muid solas i gcónaí Uaitse, an Solas Síoraí,
ionas go gcloífear an dorchadas atá ionainn féin go pearsanta,
agus go ruaigfear dorchadas an tsaoil uilig uainn.

**Pobal** **Áiméan.**

*(Bunaithe ar sheanmóir Naomh Colmcille)*





# *Beannacht*

| | |
|---|---|
| Treoraí | Go mbeannaí an TIARNA sibh agus go gcumhdaí Sé sibh;<br>Go dtaitní gnúis an TIARNA oraibh agus go raibh Sé caoin libh.<br>Go nochta an TIARNA daoibh A Ghnúis agus go dtuga Sé daoibh A Shíocháin. |
| **Pobal** | **Áimeán.** |

*(Uimhreacha 6:24-26)*

~ · ~

**Creidmheasanna grianghraf:**
Grianghraf clúdaigh (lch 13): Ted Erski ó Pixabay.
Uigeacht (lch 13): Christophe ó Pixabay.
Grian agus caoirigh (lch 14-24): Alfred Derks ó Pixabay.

**Is as An Bíobla Naofa a thógtar na hathfhriotail scrioptúir anseo istigh, cóipcheart © 1981, arna fhoilsiú ag An Sagart, agus is le caoinchead a úsáidtear iad. Gach ceart ar cosaint.**





# Timpeallaíonn an TIARNA a mhuintir

'An lus ar an mbán ..má éadaíonn Dia mar sin é..' (Lúcás 12:28)

## Salm an lae: Salm 125:1-3

An mhuintir a mbíonn a ndóchas sa
TIARNA acu,
is cosúil le Sliabh Shíón iad–
sliabh nach féidir a bhogadh,
ach a sheasfaidh go brách.
Ar nós na gcnoc is na sléibhte
thart timpeall Iarúsailéim,
bíonn an TIARNA thart ar a phobal,
anois agus choíche.
Óir ní fhanfaidh ríshlat na
n-éagráifeach
ar fhearann na bhfíréan,
sula ndéanfadh na fíréin a lámha
a iompú chun oilc.

*(Salm 125:1-3)*

## Sleachta Breise Scrioptúir

Lúcás 12:28; Matha 6:25-33;
Rómhánaigh 8: 31-32

## Léargas

Cuireann na híomhánna sa salm seo sinne ag meabhrú dúinn féin. Conas a d'fhéadfaí aithris a dhéanamh ar áit chónaithe Dé? Cosúil le Sliabh Shíón, an éiríonn na daoine a bhfuil a muinín sa TIARNA nó an bhfanann siad agus an dtugann siad cosaint dóibh sin atá leochaileach, an gcuireann siad a sciatháin timpeall ar dhaoine eile faoi mar a chumhdaíonn na sléibhte Iarúsailéim? Cantar sa salm gurb é seo atá dochorraithe i bhfírinne – grá, ceartas, aire dá chéile a sholáthraíonn beatha go leor do gach duine a chónaíonn i gcruthaíocht Dé. Níl aon áit ag ríshlat na hurchóide, siombail gháifeach na cumhachta bréige leatromaí, chun sos a ghlacadh ná dul i bhfolach ná seilbh a ghlacadh ar thír agus ar shaol na bhfíréan.

Sa Litir chun na Rómhánach, tugtar le fios dúinn nach féidir le haon rud sinn a scaradh ó ghrá Dé i gCríost Íosa; dá bhrí sin, ba chóir dúinn féachaint chuige nach scarann aon rud óna chéile sinn. De thairbhe láithreacht an Spioraid Naoimh ionainn, is féidir linn, an tírdhreach a athrú cibé áit a dtéann muid, bacainní a bhriseadh síos agus bealaí a aimsiú ionsar a chéile. Faoi mar a thimpeallaíonn na sléibhte Iarúsailéim, trínne, cuimsíonn grá dochloíte Dé ár ndaonnacht chomhroinnte. Bainimid lena chéile; is dá chéile a cruthaíodh sinn.

## Machnamh

Is áit chónaithe bheag mé,
ní de dhéantús cloiche mé,
ach deannach a rinneadh dealrach,
mar is eol don tSíoraíocht m'ainm
agus mar a gcónaíonn sí laistigh.

Líontar m'uile anáil,

ag gearradh isteach san uile
smaoineamh;
ag cneasú na rásúr
a ghearr; a ghuth
ag maolú agus ag suaimhniú
na cuimhne
chun maithiúnais.

Maireann Dia ionam
ina Láithreacht dhoshéanta.
Go gcreide mé sin
agus go maire mé dá réir
gach lá dá dtig,
agus É ag teagasc do mo chroí
briseadh ar nós a Chroíse.

## Urnaí

Críost liom, Críost ionam,
Críost romham, Críost i mo dhiaidh,
Críost os mo chionn, Críost fúm,
Críost ar mo lámh dheas,
Críost ar mo lámh chlé,
Críost i mo luí dom,
Críost i m'éirí dom,
Críost i mbéal gach duine
a labhraíonn liom,
Críost i gcroí gach duine a
smaoiníonn orm,
Críost i gcluas gach duine a
chluineann mé
Críost i mo chuideachta is cuma cá dtéim,
Críost mar chara agam anois is go buan.

*(Ó Lúireach Naomh Pádraig)*

## Ceisteanna

**Pearsanta:** Smaoinigh - cad é a scarann ó dhaoine eile thú? Bí ag machnamh cén dóigh a dtabharfá aghaidh air sin.

**Áitiúil:** Cén áit i do phobal a mbailíonn daoine le chéile, agus conas a bhíonn a fhios acu go bhfuil fáilte rompu? Cad é a d'fhéadfadh do phobal creidimh foghlaim uaidh sin?

**Domhanda:** Cén dóigh a dtiocfadh linne ár sciatháin a chur timpeall ar ár gcomharsana domhanda?

## Téigh agus Déan

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Déan machnamh ar réimsí i do shaol a dtiocfadh le dúshláin a bheith ina ndeiseanna agus gníomhaigh ar cheann de na deiseanna sin.

**Áitiúil:** Déan obair dheonach ag ócáid nó le heagraíocht áitiúil a thugann sólás agus tacaíocht sa phobal.

**Domhanda:** Fiosraigh conas is féidir leatsa deonú, gníomhú agus guí le hEagraíocht Forbartha Idirnáisiúnta dhomhanda. https://www.christianaid.org.uk/
https://cafod.org.uk

# Lá 5

## *Tá an TIARNA Uilechumhachtach linn*

'…Óir, san áit a mbíonn bhur stór, is ann a bheidh bhur gcroí freisin...' (Lúcás 12:34)

### Salm an lae: Salm 46: 10-11

'Éistigí! bíodh a fhios agaibh gur mise
is Dia ann,
in ardréim ar na ciníocha, in ardréim
ar talamh.'
Tá TIARNA na Slua inár bhfochair,
is daingean dúinn Dia Iacóib.

### Sleachta Breise Scrioptúir

Lúcás 12:34; Seanfhocail 3:21 – 26; Lúcás 9: 1-6

### Léargas

In amanna deacrachta, is gnách go mothaímid go gcaithfimid rud éigin a 'dhéanamh', go bhfuil gníomh ag teastáil, agus go bhfeabhsóidh an 'gníomh' s'againn an scéal. Os a choinne sin, go minic, is é an rud is fearr stopadh agus 'a bheith ansin', a bheith 'i láthair' leo siúd atá faoi bhrú. Sula bhfógraítear 'Éistígí,'- cruthaíonn an Salmaire pictiúr beoga de dhomhan atá suaite, a mbeadh róchleachtadh againn air. Is minic a bhíonn muid scuabtha chun siúil leis an ruaille buaille agus an rí-rá de gach rud a bhíonn ag tarlú agus dallamullóg a theacht orainn go gcaithfear freagairt le gníomhaíocht mhire, sin nó a bheith ar crith le teann eagla. Mar sin féin, tá Dia linn, ina shíorfhoinse an tsonais, ár gcomhspás tearmainn agus nirt. B'fhéidir go bhfuil an Salm seo agus na hócáidí seo os do chomhair mar a bheadh cuireadh ann chun stopadh. A bheith socair. A bheith i láthair dóibh siúd atá thart ort. A aithint go bhfuil pobal ann, teaghlach Eaglaise níos leithne, a bhfuil de chumhacht acu ó Íosa láidreacht agus aontacht a léiriú sa domhan briste seo.

### Machnamh

Taraigí.
Taraigí le chéile.
Taraigí agus taispeánfaidh mé daoibh
cad é a chiallaíonn sé rud fiúntach
a thógáil.
B'fhéidir nach bhfeicfeadh sibh
choíche é agus bailchríoch air,
ach,
fríd an teacht le chéile
i láthair a chéile
i spás naofa ár mbeithe
is mó ná léargas a fhaigheann sibh ar
Aisling Dé.

## Urnaí

Bí Thusa i mo shúile, a Rí Mhór
na ndúl;
Líon Thusa mo Bheatha, mo chéadfaí
is mo stuaim
Bí thusa i m'aigne gach oíche is gach lá;
Im' chodladh is im' dhúiseacht, líon
mé le Do Ghrá.
Bí Thusa do mo threorú, i mbriathar is
i mbeart
Fan Thusa go deo liom, is coinnigh
mé ceart
Glac cúram mar Athair, is éist le
mo ghuí
Is tabhair domsa áit chónaithe, istigh
i Do Chroí

*(Arna cóiriú ó Naomh Dallan Forgaill (c. 530–598).*

## Ceisteanna

**Pearsanta:** 'Éistigí! bíodh a fhios agaibh gur mise is Dia ann'. Cad é a chiallaíonn sé sin duitse?

**Áitiúil:** In aimsir na héiginnteachta, conas is féidir libh, le chéile, a bheith in bhur n-eiseamláir den cheartas, den tsíocháin agus den áthas a thagann ó Dhia– in bhur bpobal ar leith?

**Domhanda:** Conas a léireodh do phobal creidimh aontacht i ndomhan atá briste?

## Téigh agus Déan

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Tóg am chun stopadh, a bheith socair agus deiseanna tábhachtacha aontachta a raibh baint agat leo a thabhairt faoi deara. Fiosraigh cé na bealaí a bhféadfá cur leis an taithí sin.

**Áitiúil:** Aimsigh bealaí fiúntacha do do phobal creidimh chun "fanacht le" daoine i do phobal agus "a bheith i láthair" dóibh.

**Domhanda:** Forbair caidrimh le pobail Chríostaí ar fud an domhain agus roinn scéalta faoin gcaoi a mbíonn Íosa ag cumasú láidreachta agus aontachta.

# *Rinne an TIARNA na héachtaí dúinn*

'....óir ba ghnaoi le bhur nAthair an ríocht a thabhairt daoibh'
Lúcás 12:32

## Salm an lae: Salm 126

Nuair a sheol an TIARNA
príosúnaigh Shíón ar ais,
ba chosúil le lucht aislinge sinn.
Líon ár mbéal le gáire,
agus ár dteanga le gairdeas.
Bhíothas á rá ansin i measc
na gciníocha:
'Rinne an TIARNA go
héachtach dóibh.'

### Sleachta Breise Scrioptúir

Lúcás 12:22-34; Íseáia 35: 5-7; 2 Corantaigh 5: 11-21

## Léargas

Tugann léachtaí Scrioptúr an lae inniu spreagadh dúinn leis an ngealltanas gur féidir gach ní a athnuachan i nDia, agus meabhraíonn siad dúinn freisin an fhreagracht atá orainn ár gcion féin a dhéanamh san obair athshlánaithe seo. Inár gcás féin, cuimhnímid ar an 'deis fhíor-stairiúil do thús nua' a thug Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta 1998 agus gur athraigh sé ó bhonn tírdhreacha agus caidrimh. Scaipeadh braistint sábháilteachta de réir a chéile agus thosaigh cairdeas nua ag fás. Thug an obair shíochána neamhchríochnaithe, neamhfhoirfe seo dóchas nua do shochaithe eile atá i gcoimhlint, ag athbhunú dóchais i bhféidearthacht an athmhuintearais. Agus muid ag obair chun na créachtaí atá fágtha a leigheas agus briseadh saor ó scáthanna an ama atá thart, gabhaimid buíochas as na beannachtaí a thugann Dia dúinn le roinnt.

## Machnamh

Fan,
An gcloiseann tú é?
Ní hé lúbadh ná leagadh na ríochtaí é.

Fan.
An mbraitheann tú é?
Grean agus suaitheadh an phéarla sin
nach ann dó fós.

Fan.
An airíonn tú é?
An ciúnas sula dtarraingí tú anáil,
an áit sin idir tuile agus trá.

Tá nóiméad ann a aithníonn gach
duine againn,
nuair a bhaineann Do Spiorad linn,
nuair a chloíonn D'Anáil lenár gcneas.
Aithnímid nach é rois ár ngnóthachta
féin níos mó é,

ach an tnúthán domhain le teacht
le chéile
i scaoileadh an spáis,
le bheith ann,
go díreach.

## Urnaí

Ní stadfaimid go deo a bheith ag
gabháil buíochais leat, a Dhia,
a choinnigh dílis muid in aimsir
an chathaithe,
a chosain muid inár n-uile dhochar.
Cé sinn féin, a Thiarna, nó cad é
ár ngairm
gur oibrigh Tú linn, le Do Láithreacht
Ró-Dhiaga?
Molfaimid agus mórfaimid D'Ainm i
meascna gciníocha,
ní hamháin in aimsir an ratha ach in
aimsir an chruatain chomh maith,
mar gur thaispeáin Tú dúinn gur
féidir linn ár muinín a chur Ionat
gan staonadh;
is Tú an tAon Naofa, le saol na saol,
Áiméan.

*(Curtha in oiriúint ó Fhaoistin Naomh Pádraig)*

## Ceisteanna

**Pearsanta:** Cén áit a dtiocfadh leat féin cuidiú, dar leat, le hobair an athmhuintearais? Cad é a d'fhéadfadh bac a chur ort freagairt don ghlaoch sin?

**Áitiúil:** Cá bhfeiceann tú an gá is mó leis an athmhuintearas agus le hathbhunú an chaidrimh i do phobal áitiúil faoi láthair?

**Domhanda:** An féidir leat ceannairí nó eagraíochtaí a aithint atá ag gabháil d'obair na síochána agus an cheartais dhomhanda a thugann ábhar dóchais duit?

## Téigh agus Déan
(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Ag machnamh duit ar na háiteanna i do shaol féin inar mhaith leat go ndéanfadh Dia athnuachan agus cneasú, scríobh paidir leis an dóchas sin a chur in iúl.

**Áitiúil:** Sainaithin gné den obair athmhuintearais a ndearnadh faillí di nó a imeallaíodh i do phobal eaglaise áitiúil agus déan beart le haird a tharraingt ar an riachtanas sin.

**Domhanda:** Comhroinn teachtaireacht nó scéal nuachta dóchasach ó chomhthéacs idirnáisiúnta difriúil ag úsáid na meán sóisialta nó cineálacha eile cumarsáide.

# *Rachaimid isteach i dteach an TIARNA*

'Óir san áit a mbíonn bhur stór, is ann a bheidh bhur gcroí freisin'
(Lúcás 12:34)

## Salm an lae: Salm 122

Rinne mé gairdeas nuair a
dúradh liom:
"Rachaimid isteach i dteach
an TIARNA."
Tá ár gcosa ina seasamh cheana féin
i do dhoirse, a Iarúsailéim.
Rinneadh cathair Iarúsailéim
a thógáil go dlúth is go daingean.
Is chuici suas a ghabhann
na treibheanna,
treibheanna an TIARNA,
d'fhonn is go dtugaidís fianaise
do Iosrael,
agus buíochas don TIARNA.
Is ansiúd atá cathaoir an bhreithiúnais,
cathaoir do theaghlach Dháiví.
Iarraigí síocháin Iarúsailéim a chur
chun cinn;
gura slán a dtugann taitneamh duit.
Síocháin go raibh laistigh de
do mhúrtha,
agus flúirse i do phálás.
Ar son mo bhráithre agus lucht
mo pháirte,
síocháin go raibh ionat.
Ar son theach an TIARNA, ár nDia,
iarraim do leas.

## Sleachta Breise Scrioptúir

Lúcás 12:22-34; Íseáia 2: 1-4;
Eifisigh 4: 1-6

## Léargas

Feiceann an Salmaire cathair Iarúsailéim agus an Teampall laistigh den chathair agus é ag samhlú turas maslach suas an cnoc crochta go dtí go seasann sé sa deireadh i gcúirt an Teampaill. Tháinig sé le daoine eile ó go leor áiteanna chun adhradh a dhéanamh le chéile. Guíonn an Salmaire ar son na síochána dóibh siúd timpeall air, bailithe go léir in ainm an TIARNA. Chuir Íosa a dheisceabail ó Iarúsailéim 'go hIúdáia, go dtí an tSamáir agus go dtí críocha an domhain' (Gníomhartha 1:8), agus soiscéal na síochána ar iompar acu, an 'shalom' sin a léiríonn ní hamháin easpa coimhlinte ach iomláine, foirfeacht. Labhraíonn na léachtaí breise, ar bhealaí éagsúla, faoi cad is brí le siúl i bhfianaise an TIARNA agus ceangal na síochána a choinneáil agus blaiseadh dúinn féin agus eadrainn féin an tsíochán sin arb í urnaí Íosa dúinne í.

## Urnaí

Adhain inár gcroí, a Dhia,
an lasair sin an Ghrá nach
múchann choíche,
go ndó sí ionainn, ag soilsiú saol
daoine eile.
Go lonraímis go deo i Do
Theampall naofa,
agus muid trí thine le Do Sholas síoraí,
go fiú le Do Mhac, Íosa Críost,
Ár Slánaitheoir agus ár
bhFuascailteoir. Áiméan.

*(Curtha i leith Naomh Colmcille (521-597)).*

## Machnamh

Ní thuigimid
Do Shíocháin.
Is eol dúinn í go díreach.
Agus ní mór dúinn maireachtáil dá réir
agus ligean dá grá
ár saol a chomhlíonadh
le chéile.

## Ceisteanna

**Pearsanta:** Cén tábhacht atá lenár nDia a adhradh le chéile mar Chríostaithe ó thraidisiúin éagsúla?

**Áitiúil:** Cé chomh dúshlánach is atá sé duitse /do do phobal dul thar thairseach eaglais phobal Críostaí difriúil?

**Domhanda:** An bhfuil an tsíocháin inbhainte amach i ndáiríre sa domhan seo againn sa lá inniu ann? Cad é a ghlacfadh sé?

## Téigh agus Déan

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Tabhair cuairt ar eaglais a bhfuil a traidisiún go hiomlán difriúil le do cheann féin (le daoine eile ó d'eaglais, más féidir) agus déan do mhachnamh ar an eispéireas.

**Áitiúil:** Aimsigh grúpaí i do phobal a thacaíonn le síochám agus déan iarracht comhthuiscintí eadraibh a aimsiú.

**Domhanda:** Déan teagmháil le heaglais nó le grúpa amháin creidimh eile a mhaireann i lár coimhlinte agus bí ag plé cúrsaí leo.

# *Féach! Nach maith agus nach aoibhinn é nuair a bhíonn bráithre ina gcónaí le chéile!*

'Ach deirim libh nach raibh ar Sholamh féin, dá mhéad a ghlóire, cóir éadaigh mar atá ar cheann díobh seo' (Lúcás 12:27b)

## Salm an lae: Salm 133

Féach! nach maith agus nach aoibhinn é
go mbeadh bráithre ina gcónaí le chéile.
Mar uinnimint a doirteadh ar
an gceann,
agus a shil ar an bhféasóg–
a shil anuas ar fhéasóg Árón,
go himeall a fhallainge.
Is cosúil le drúcht Hearmón é
agus é ag titim anuas ar Shliabh Shíón.
Is ann a thug an TIARNA beannacht,
agus beatha go brách.

## Sleachta Breise Scrioptúir

Geineasas 50: 15-21; Eoin 15: 12-17; Lúcás 12: 22 - 34

## Léargas

'Nach maith agus nach aoibhinn é go mbeadh bráithre ina gcónaí le chéile!' Ach cuireann ár dtéacsanna naofa agus ár dtaithí mhaireachtála i gcuimhne dúinn go minic go gcaithimid (breith ar ár gciall) gan a bheith uaibhreach chun teacht ar a chéile. Briseann Íosa isteach agus cuireann sé deireadh le hargóint a dheisceabal (Lúcás 22:24-26), tugann Pól amach do na Críostaithe i gCoraint (1 Corantaigh 3:3-9; 11:17-22) agus spreagann sé daoine eile 'teacht chun muintearais le chéile sa Tiarna' (Filipigh 4:2).

Is rud suaithinseach é sármhaithiúnas Iósaef i leith a chuid deartháireacha a dhíol i mbraighdeanas é. Cé gur lean siad orthu ag gníomhú de bharr eagla, d'fhreagair seisean iad le grá. Sháraigh an aontacht ar an eagla agus thug sé cumhacht dó freagairt le grásta, ní le faltanas (Geineasas 42:25).

Is é dúshlán agus aithne Íosa go dtugann muid grá dá chéile, gan idirdhealú a dhéanamh ó thaobh inscne, claonadh gnéasach, aicme, stádais, cine nó teanga; ag maireachtáil le chéile in aontacht agus i gcomhurraim. Glaonn sé orainn (breith orainn féin) gan a bheith uaibhreach chun teacht ar a chéile.

## Machnamh

Féach! nach maith agus nach aoibhinn é
go mbeadh bráithre ina gcónaí le chéile!
Is amhail gáire linbh é,
ag brúchtadh aníos trí shoineantacht
gan chosaint.

Is amhail deora lucht críonnachta é,
ag bailiú san áit a gcastar orthu brón nó áilleacht.
Is amhail aisling gan fíorú é,
ag damhsa agus rian na féidearthachta gan mhairg uirthi.
Is amhail eisint Dé é
Á shaolú féin ionat agus ionam go dtí go ndéantar aon dínn.

## Urnaí

Óir an ghrian seo a fheicimid, éiríonn sí dúinn gach lá de réir ordú Dé, ach ní rialóidh sí go deo ná ní mhairfidh a glóir; ina theannta sin, tiocfaidh pionós mór millteach ar gach duine a dhéanann adhradh di.
Sinne, áfach, a chreideann san fhíorghrian agus a adhrann í — is é sin Críost, nach bhfaighidh bás go deo, agus ní bhfaighidh an té a dhéanann a thoil bás ach oiread, ach mairfidh sé go deo mar a mhaireann Críost go deo, atá ag rialú in éineacht le Dia an tAthair Uilechumhachtach agus leis an Spiorad Naomh roimh thús na n-aoiseanna, anois, agus go saol na saol. Áiméan."

*(Alt 60 d'Fhaoistin Naomh Pádraig)*

## Ceisteanna

**Pearsanta:** Agus an tSeachtain Urnaí seo ar son na hAontachta Críostaí ag druidim chun deiridh, conas a bhraithfeadh ár bpobail chreidimh an t-athmhuintearas lena chéile?

**Áitiúil:** Cén dóigh a dtiocfadh linn comhtharraingt agus dlúthchaidreamh a chur chun tosaigh inár bpobal trí chéile?

**Domhanda:** Conas a chuirfeadh muid le guth na ndaoine atá imeallaithe inár gcomharsanacht dhomhanda?

## Téigh agus Déan
(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Téigh i dteagmháil le duine ar thit tú amach leis agus déan athmhuintearas leis.

**Áitiúil:** Déan iniúchadh ar shaincheist áitiúil ar ábhar teannais é. Aimsigh bealaí chun a bheith airdeallach i do chuid éisteachta, ag díriú ar thuiscint seachas a bheith ag freagairt.

**Domhanda:** Guigh agus gníomhaigh ar son na síochána in áit atá ligthe chun dearmaid agus atá thíos leis agus atá ag fulaingt le cogadh cathartha nó le coimhlint inmheánach.

# An tSeachtain Urnaí ar son Aontacht Chríostaí 2027



**Suíomhanna Gréasáin**

ctbi.org.uk/weekofprayer
weekofprayer.org

**Meáin shóisialta**

#wpcu2027
#wpcuwall


**Foilsitheoirí:**

**Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire**

Interchurch House
35 Lower Marsh
London SE1 7RL
info@ctbi.org.uk,
Fón: 0203 794 2288

Uimh. Charthanas cláraithe. 1113299.
Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta,
Uimh. Charthanas cláraithe. 5661787


churches together IN BRITAIN AND IRELAND©